31.1.2024 A9-0014/129

**Leasú 129**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás aon chinneadh a dhéantar de bhua na gcumhachtaí a bhronntar ar an Údarás leis an Rialachán seo, nó aon mhainneachtain na cumhachtaí sin a fheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh nó ar an mainneachtain sin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'aon duine ar bhain an cinneadh nó an mhainneachtain sin leis go díreach agus go leithleach. | I gcás aon chinneadh a dhéantar de bhua na gcumhachtaí a bhronntar ar an Údarás leis an Rialachán seo, nó aon mhainneachtain na cumhachtaí sin a fheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh nó ar an mainneachtain sin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'aon duine ar bhain an cinneadh nó an mhainneachtain sin leis go díreach agus go leithleach***, agus d'aon duine nádúrtha ná dlíthiúil a bhfuil leas leordhóthanach acu ina leith***. ***Measfar go mbeidh leas leordhóthanach ag aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil agus cosaint na sláinte chun cinn, agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/131

**Leasú 131**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 c (nua)**
Treoir 98/44/CE
Airteagal 6 – mír 1 – pointe e (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 32c*** |
| | ***Leasú ar Threoir 98/44/CE*** |
| | ***In Airteagal 6(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:*** |
| | ***'(e) Plandaí TGN, ábhar plandaí, codanna díobh, faisnéis ghéiniteach agus gnéithe próisis atá iontu, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) .../... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don Rialachán seo];'*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/132

**Leasú 132**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 d (nua)**
Treoir 98/44/CE
Airteagal 8 – míreanna 3 agus 4 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 32d*** |
| | ***Leasuithe ar Threoir 98/44/CE*** |
| | ***In Airteagal 8, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:*** |
| | ***'3. De mhaolú ar mhír 1, ní bhainfidh an chosaint a thugtar le paitinn d'ábhar bitheolaíoch ag a bhfuil saintréithe sonracha le hábhar plandaí ina n-ionchorpraítear an t-ábhar bitheolaíoch sin agus nach féidir é a idirdhealú ó ábhar plandaí a fuarthas nó is féidir a fháil trí phróiseas atá bitheolaíoch go bunúsach.*** |
| | ***4. De mhaolú ar mhír 2, ní bhainfidh an chosaint a thugtar le paitinn ar phróiseas lena gcumasaítear táirgeadh ábhair bhitheolaíoch ag a bhfuil saintréithe sonracha de thoradh ar an aireagán le hábhar plandaí ina n-ionchorpraítear an t-ábhar bitheolaíoch sin agus nach féidir é a idirdhealú ó ábhar plandaí a fuarthas nó is féidir a fháil trí phróiseas atá bitheolaíoch go bunúsach.'.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/133

**Leasú 133**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 e (nua)**
Treoir 98/44/CE
Airteagal 9 – mír 2 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 32e*** |
| | ***Leasú ar Threoir 98/44/CE*** |
| | ***In Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***'De mhaolú ar an gcéad mhír, ní bhainfidh an chosaint a thugtar le paitinn do tháirge ina bhfuil faisnéis ghéiniteach nó atá déanta de le hábhar plandaí ina bhfuil an táirge ionchorpraithe agus ina bhfuil an fhaisnéis ghéiniteach agus ina bhfeidhmíonn sí de réir a feidhme, ach nach féidir é a idirdhealú ó ábhar plandaí a fuarthas nó is féidir a fháil trí phróiseas atá bitheolaíoch go bunúsach.'.*** |

Or. en

**Leasú 134**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 f (nua)**
Treoir 98/44/CE
Airteagal 15 – mír 3 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 32f*** |
| | ***Leasú ar Threoir 98/44/CE*** |
| | ***In Airteagal 15, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'3. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha reachtaíochta is gá chun an Treoir leasaithe seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2024. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi.'.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/135

**Leasú 135**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Beidh feidhm aige ón [***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Beidh feidhm aige ón **...** [***48*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

Or. en

**Leasú 136**
**Anja Hazekamp, Marina Mesure, Mick Wallace, Manon Aubry, Leila Chaibi, Clare Daly, Manu Pineda**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Critéir maidir le coibhéis plandaí TGN le gnáthphlandaí*** | ***scriosta*** |
| ***Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí i gcás ina mbíonn sé difriúil ón bplanda is faighteoir/tuismitheoir faoi 20 géinmhodhnú ar a mhéad de na cineálacha dá dtagraítear i bpointí 1 go 5, in aon seicheamh DNA a chomhroinneann cosúlacht seichimh leis an suíomh spriocdhírithe is féidir a thuar le huirlisí bithfhaisnéisíochta.*** | |
| ***(1) 20 núicléitíd ar a mhéad a ionadú nó a ionsá;*** | |
| ***(2) líon ar bith núicléitídí a scriosadh;*** | |
| ***(3) ar choinníoll nach gcuireann an géinmhodhnú isteach ar ghéin inginiúil:*** | |
| ***(a) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a ionsá ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(b) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a chur in ionad seichimh DNA inginiúil ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(4) seicheamh ina bhfuil líon ar bith núicléitídí a inbhéartú ar bhealach spriocdhírithe;*** | |

***(5) aon mhodhnú spriocdhírithe eile ar aon mhéid, ar choinníoll go dtarlaíonn na seichimh DNA a eascraíonn as cheana féin (d'fhéadfadh modhnuithe a bheith i gceist mar a ghlactar leis sin faoi phointí (1) agus/nó (2)) i speiceas ó linn géinte na bpóraitheoirí.***

Or. en